# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# 50

## Samhradh 2019

### Scéalaíocht



Bhí cúrsa scéalaíochta ag Rang 2-Rang 4 an téarma seo. Tháinig Nuala Ní Fhlathúin agus Máirín Mhic Lochlainn isteach ag obair le na gasúir ar scéalta áitiúla. Rinne siad ealaín agus thóg siad pictiúir de áiteanna áitiúla. Beidh Róisín agus Chaela ag glacadh páirt i Traidphicnic a bheidh ar siúl sa Spidéal sa samhradh!

### Blitz Peile agus Gael Linn

Chuaigh Rang 3 - Rang 6 chuig dhá Blitz Peile a bhí ar siúl ar pháirc an Mháimín agus chuaigh R5 agus R6 chuig an féile Gael Linn. Bhí cluichí peil acu agus oíche siamsaíochta le scoileanna eile sa gCrompán ar an gCeathrú Rua. Bhí an-spraoi ag na gasúir!



## An Chéad Fhaoistin 9/5/19



Bhí An Chéad Fhaoistin ag Rang a 2 sa séipéal i mbliana.

## An Chéad Chomaoineach 18/5/19




Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 2 nuair a rinne siad a gCéad Chomaoineach sa séipéal i mbliana. Go raibh mile maith agaibh le na tuismitheoirí a chur cóisir ar fáil sa scoil ina dhiaidh.

## Beacha 21/5/19

Tháinig Dave agus Paddy ó Connemara Beekeepers' Association ag caint le na gasúir faoi bheacha. Thug siad taispeántas an-siumiúil dúinn.



## An Lotto agus an Seomra Spraoi



Rinne muid Bonus Lotto i mbliana. Chuir muid leis an Seomra Céadfach sa scoil. Bhí costas €2795 ar an obair seo agus bhailigh muid €2754 i rith na bliana. Míle buíochas faoin tacaíocht ar fad.

## Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh 10/6/19



Chuaigh na hArdranganna chuig Ros Muc. Chaith siad tamall le na gasuir ó Scoil Bhriocáin agus tamall eile san Ionad Cultúrtha. Bhí lá iontach acu!

## Blitz Cumann na mBunscoil 13/6/19

Bhí lá mór peile i Ros Muc an tseachtain seo caite áit a raibh Blitz mór bliantúil Cumann na mBunscoil.



D'fhreastal suas le 20 scoil ar an mblitz agus iad roinnte i ranna difriúla bunaithe ar méid na scoile. Bhí foireann buachaillí agus cailíní againn ag glacadh páirt agus rinneadar éacht. Bhuaigh an dá fhoireann chuile chluiche a bhí acu agus thug muid linn dhá chupán abhaile ar an lá. Bhíodar go hiontach!!

## Turais Scoile 18/6 + 19/6/19



Chuaigh na hArdranganna chuig Leitir Mealláin chun Campa Uisce a dhéanamh. Bhí siad ag snámh, ag léim ón gcéibh, ag dul amach ar an 'banana boat' agus ag dul amach i gcadhcanna. Ar an mbealach abhaile stop siad ag an gClúid i dTír an Fhia le lón te agus bhí uachtar reoite acu freisin! Bhí an-lá acu!!



Chuaigh na ranganna eile chuig Páirc Náisiúnta Chonamara. Rinne siad ceardlann, shiúil siad Binn Ghuaire agus chuaigh siad le dinnéar i Leitir Fraic. Bhí an-lá go deo acu!

### Oíche Rang a Sé 20/6/19

Bhí oíche speisialta againn sa scoil chun slán a rá le Rang a 6. Tháinig clann na ngasúr agus muid ag fágáil slán le Cian, Eoin, Kate, Róise, Seán agus Shíofra. Aireoidh muid uainn go mór sibh. Go n-éirí go geal libh.








**Cuimhní Rang a Sé**



Cian: *Bhí an-chraic againn i Zú Bhaile Átha Cliath. Bhí go leor ainmhí ann.*

Eoin: *Bhí go leor craic againn ag Pure Skill. Bhí an daorchluiche go maith.*

Kate: *Ba é Pure Skill an turas scoile is fearr liom mar bhí piotsa againn.*

Róise: *Bhí go leor craic againn ag Gael Linn, ag caint , ag damhsa agus ag imirt peile.*

Seán: *Bhí go leor craic againn i Tayto Park. Ba ea an lá is fearr ríomh é. Ba ea an Viking Voyage an ceann is fearr liom.*

Shíofra: *An lá a chaith muid iTayto Park.*

Mar fhocal scor, ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun ár míle buíochas a ghlacadh le tuismitheoirí na scoile agus go mór mhór le Coiste na dTuismitheoirí faoin éacht mór a rinne siad i mbliana. Tá súil againn go mbeidh toradh na hoibre sin le feiceáil i Meán Fómhair. Míle buíochas ó chroí le foireann na scoile faoin obair iontach a dhéanann siad i gcónaí.

Bíodh samhradh iontach agaibh ar fad.

*Síle Nic Con Iomaire*



Athoscailt: 29/8/19